



## Iarratas Scannánaíochta agus Grianghrafadóireachta Faisnéis Ghinearálta, Téarmaí agus Coinníollacha

Féadfar cead a thabhairt le haghaidh scannán/fótaisheisiún laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall, faoi réir téarmaí agus coinníollacha agus táillí gaolmhara a íoc mar a leagtar amach thíos.

***Léigh an fhoirm seo go cúramach le do thoil sula gcomhlánaíonn tú foirm iarratais.***

### Iarratas

- Ní mór gach iarratas ar scannánú a chur isteach i scríbhinn 10 lá oibre roimh an bhfótaisheisiún agus gach doiciméad riachtanach a bheith ag gabháil leis chun an t-iarratas a phróiseáil.

### Árachas:

- Níor chóir go mbeadh an teorainn slánaíochta ginearálta ar an bpolasaí árachais níos lú ná €6.5m.
- Teastaíonn íosteorainn slánaíochta de €13m má úsáidtear Drón chun scannánú a dhéanamh.
- Teastaíonn íosteorainn slánaíochta de €20m má úsáidtear piriticnic.
- Ní mór go mbeadh slánaíocht do Chomhairle Contae Fhine Gall suas go dtí an méid atá ábhartha don fhotasheisiún atá beartaithe a bheith san áireamh sa pholasaí Árachais.
- Ní mór cóipeanna de na cáipéisí pholasaí árachais riachtanacha go léir a chur faoi bhráid na Comhairle 10 lá ar a laghad roimh thús do fhotaseisiúin/ scannáin.
- Caithfidh clúdach do gach 3ú páirtí a bheith san áireamh sa cháipéisíocht árachais nuair a bhíonn seirbhísí á bhfostú don fhotaseisiún/scannánú.

- Tá an t-iarratasóir freagrach as a chinntiú go bhfuil leibhéal an chumhdaigh árachais a chuirtear ar fáil leordhóthanach. Iarr soiléiriú le do thoil nuair is gá ón gcuideachta árachais.
- Sa chás nach mbeidh iarratasóirí in ann gach doiciméad Árachais ábhartha a sholáthar ní bheidh an Chomhairle in ann Cead a Dheonú.
- Ní mór do mhic léinn ó choláiste creidiúnaithe, ag cur iarratais isteach ar scannánú a dhéanamh do thionscadail Cóip d'Árachas Díteanais Phoiblí an Choláiste a chur faoi bhráid lena slánaítear an Chomhairle.

### Úsáid dróin (tá cead faoi réir súimh):

- Polasaí árachais agus slánaíocht ag lena slánaítear Comhairle Contae Fhine Gall suas go dtí € 13m.
- Dearbhú ó Árachóirí ag imlíniú formhuinthe a ghabhann leis an bpolasaí.
- Tá an dáta a bhfuil sé beartaithe an scannánú a dhéanamh le cur san áireamh sa pholasaí.
- Suíomh an scannánaithe bheartaithe.
- Meáchan an dróin (lena n-áirítear gach trealamh)
- Dearbhú go bhfuil sáruithe ar an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus Príobháideacht san áireamh sa pholasaí árachais.
- Cruthúnas ar chead ón Údarás Eitlíochta maidir le Drón a úsáid.

### Táillí

- Seo a leanas na táillí bunaithe ar €120 san uair: -
  - Táille Leath Lae (4 uair an chloig) €480
  - Lá lomlán (suas le 7 n-uaire an chloig) €840
- Maidir le húsáidí fada, lena mbaineann socruithe sonracha, d'fhéadfadh na muirir a bheith faoi réir caibidlíochta lena n-áirítear aon chostais ragoibre a thabhaíonn foireann Chomhairle Contae Fhine Gall a íoc.
- Caithfear na táillí go léir a íoc roimh an scannánú. Mura ndearna an t-iarratasóir scannánú le Comhairle Contae Fhine Gall roimhe seo,

iarrfar ar iarratasóirí foirm nua um bhunú custaiméara a chomhlánú. Ní mór d'iarratasóirí socrú a dhéanamh an sonrasc a íoc roimh ré. Ní mór íocaíochtaí a dhéanamh ina n-iomláine sula ndéantar scannánú / fotasheisiún.

## Scannánú ag Tránna

- Caithfear cloí go docht le fodhlíthe Trá & Úrthrá CCFG agus iad ag scannánú.
- Ní cheadaítear rochtain feithiclí ar an trá ach amháin in imthosca eisceachtúla agus le comhaontú roimh ré ón gComhairle.
- Caithfear an trá a fhágáil saor ó bhruscar agus sa riocht céanna agus ar thángthas uirthi agus tá an trá í féin le cosaint ó dhamáiste.
- Déanfar aon damáiste a dhéanfar a dheisiú / a athshlánú chun sástacht Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Caithfear gach grianghrafadóireacht / scannánú a dhéanamh sa chaoi is nach gcuirfidh sé isteach ar úsáideoirí eile den trá.
- Caithfear gach grianghrafadóireacht / scannánú a dhéanamh sa chaoi is nach nús d'úinéirí réadmhaoine tadhlacha é.
- Caithfear Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta / Modh Oibre a chur isteach le haghaidh scannánú ar an trá agus san uisce.
- Ní mór d'aon chuideachta ar mian leo scannánú ar / san uisce a bpearsanra sábháilteachta uisce / báid tarrthála féin a sholáthar srl.

## Scannánú ar Bhóithre Poiblí

- Caithfear plean bainistíochta tráchta a chur isteach sula ndéantar scannánú chuig Rannóg Tráchta na Comhairle lena fholmheas.
- Ní mór cead a fháil ón nGarda Síochána (stáisiún áitiúil) maidir le srianta tráchta agus scannánú.
- Ní mór do gach comharthaíocht a bheith de réir Chaibidil 8, nó aon leasuithe ina dhiaidh sin, ar an Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta.
- Ní mór don chuideachta / duine a iarrann cead lena gcuid faisnéise teagmhála 3 lá ar a laghad roimh an scannánú teagmháil a dhéanamh le haon áitribh áitiúla lena mbaineann chun iad a chur ar an eolas faoi na srianta tráchta atá beartaithe.

## Scannánú i bPáirceanna Poiblí / Spásanna Oscailte

- Caithfear cloí go docht le Fodhlíthe um Páirceanna agus Spásanna Oscailte Réigiúnacha CCFG agus iad ag scannánú.
- Ní cheadaítear feithiclí ar aon limistéar féaraigh i bpáirceanna poiblí nó ar spásanna oscailte.
- Ráiteas Sábháilteachta, Raon feidhme na nOibreacha / Ráiteas Modha, agus Plean Bainistíochta Tráchtá ar feadh ré an scannánaíochta atá beartaithe.
- Caithfear Páirceanna Poiblí agus spásanna oscailte a fhágáil saor ó bhruscar agus sa riocht céanna agus a bhí sé sula ndéantar scannánú.
- Déanfar aon damáiste a dhéanfar a dheisiú / a athshlánú chun sástacht Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Caithfear gach grianghrafadóireacht / scannánú a dhéanamh sa chaoi is nach gcuirfidh sé isteach ar úsáideoirí eile de na páirceanna / spásanna oscailte.
- Ní cheadaítear grianghrafadóireacht / scannánú i gcomharsanacht clóis súgartha nó timpeall air.
- Caithfear gach grianghrafadóireacht / scannánú a dhéanamh sa chaoi is nach nús d'úinéirí réadmhaoine tadhlaigh é agus caithfear príobháideacht na gcónaitheoirí a urramú.
- Caithfear gach grianghrafadóireacht / scannánú a dhéanamh le linn uaireanta oscailte na páirce.
- Caithfidh an chuideachta / duine a iarrann an cead teagmháil a dhéanamh le haon áitribh áitiúla lena mbaineann, lena gcuid faisnéise teagmhála 3 lá ar a laghad roimh an scannánú.

**Ní cheadaítear scannánú in Reiligí Fhine Gall.**